


An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Cigireacht Ábhair ar Staidéar Foirgníochta agus
Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)
TUAIRISC**

**Gairmscoil na bPiarsach
Ros Muc, Contae na Gaillimhe
Uimhir Rolla: 71380N**

Dáta na cigireachta: 15 Bealtaine 2013



**AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA STAIÉAR
FOIRGNÍOCHTA AGUS TEICNEOLAÍOCHT ÁBHAR (ADHMAD)

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta na cigireachta	15 Bealtaine 2013
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu <ul style="list-style-type: none">• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha• Plé leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir• Caidreamh le scoláirí	<ul style="list-style-type: none">• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith ceithre thréimhse ranga• Athbhreithniú ar obair na scoláirí• Aiseolas don phríomhoide agus don mhúinteoir

PRÍOMHCHINNTÍ

- Breathnaíodh teagasc de chaighdeán an-ard.
- Bhí pleanáil an-mhaith déanta do cheachtanna agus don roinn ábhair.
- Cuireann an scoil réimse leathan d'ábhar teicneolaíochta ar fáil.
- Tugann an scoil an-thacaíocht don Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) (TÁA) agus don Staidéar Foirgníochta (SF).
- Déantar pleanáil traschuraclaim chomhoibritheach le múinteoirí na n-ábhar teicneolaíochta eile.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar go ndéanfaí cur síos níos sonraí sa phlean ábhair ar na modhanna measúnaithe agus ar na slite ina ndéantar torthaí leanúnacha agus torthaí eile a chumasc.
 - Ba cheart leagan amach táblaithe a fhorbairt níos mó chun barr feabhais a bhaint amach sa phlean ábhair.
-

RÉAMHRÁ

Scoil iarbhuideochais is ea Gairmscoil na bPiarsach faoi choimirce Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe (CGO) ag aimsir na cigireachta, Bord Oideachais & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin anois. Lonnaithe i Ros Muc i nGaeltacht Chonamara, cuireann an scoil oideachas leathan ar fáil do dhaoine óga Ros Muc agus an cheantair máguaird. Tá an scoil páirteach i gclár DEIS (Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna) agus téann a traidisiún fada siar. Ochtó cúig scoláire atá ar rolla na scoile. Níl an Clár Idirbhliana ar fáil sa scoil.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí an teagasc a breathnaíodh le linn na cigireachta ag caighdeán an-ard. Ba ábhar molta é réimse na scoileanna adhmaadóireachta a bhí á gcleachtadh ag scoláirí an timthrialla shóisearaigh. Dhear na scoláirí gnéithe de na tionscadail ar a d'oibrigh siad, idir lúbadh trí lannú adhmaid, deileadóireacht agus shiúntáil adhmaid. Thaispeáin na scoláirí dea-thuisctint agus eolas an-mhaith ar a bhí ar siúl acu. Ba léir óna dteagmháil leis an gcigire go raibh siad ag foghlaim go maith sa timthriall sóisearach agus sa timthriall sinsearach.
- Cruthaíodh atmaisféar fíorshéimh sa seomra ranga. Seinneadh dlúthdhiosca ceoil sa chúlra a chabhraigh go mór chun na scoláirí a choimeád ar a suaimhneas agus iad ag tabhairt faoin obair. Is dea-thionscnamh é seo. Spreag teagmháil agus cumarsáid chaomh a mhúinteora na scoláirí i dtreo na foghlama. Bhí an seomra adhmaadóireachta dea-eagraithe, néata, le hábhair i bprionta agus comharthaí sábháilteachta ar taispeáint. Chuir an dea-eagrúchán seo timpeallacht foghlama fhisiciúil d'ardchaighdeán ar fáil.
- Baineadh úsáid as modhanna measúnaithe neamhfhoirmeálta fite fuaite leis an dteagasc, go háirithe as ceistiúchán a rinneadh go nádúrtha ach go sciliúil. Chabhraigh na cleachtais mheasúnaithe seo go háirithe chun suim na scoláirí a mhúscailt, chun aitheantas a thabhairt agus chun aiseolas a sholáthar dóibh ar an dul chun cinn a bhí déanta acu.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Déanann bainistíocht na scoile agus an CGO a seacht ndícheall chun curaclaim iomlán a sholáthar dá scoláirí i Gairmscoil na bPiarsach. Cuirtear Grafaic Theicniúil agus Miotadóireacht ar fáil sa timthriall sóisearach chomh maith le TÁA, agus Innealtóireacht agus Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide sa timthriall sinsearach chomh maith le SF. Is seirbhís an-mhaith é seo do scoláirí an cheantair.
- Lamháiltear leor ama teagaisc ar an dtráthchlár, agus é dailte go cothrom idir laethanta na seachtaine, chun na siollabais, TÁA agus SF, a chur i láthair go héifeachtach. Eagraítear an córas roghnaithe ábhair go cothrom chun a gcearta a thabhairt do scoláirí. Soláthraítear comhairle agus tacaíocht an-mhaith do scoláirí sa chéad bhliain agus sa tríú bliain chun tacú leo an rogha ábhair cheart dóibh a dhéanamh. Tugtar blaiseadh do gach ábhar roghnach do scoláirí ag tús an timthrialla shóisearaigh. Is de réir roghnaithe na scoláirí a dheartar na bandaí ábhair, ag braith ar cúinsí foirne. Tá an cur chuige seo le moladh, go háirithe ag cur méid na scoile san áireamh.
- Leantar dea-chleachtais mheasúnachta sa scoil, le scrúduithe ag deireadh gach téarma. Sa TÁA agus sa SF déantar measúnú leanúnach ar an obair phraiticiúil a dhéantar sa rang i modh comhsheasmhach le meastóireacht sna scrúduithe stáit. Cuirtear mionscrúduithe ar scoláirí tar éis gach topaic sa bhfoghlaim theoiriciúil. Moltar go ndéanfaí cur síos ar na dea-chleachtais mheasúnaithe seo sa phlean ábhair, agus go háirithe ar na slite ina

ndéantar na torthaí leanúnacha agus torthaí na scrúduithe téarma a chumasc. Ba cheart na scoláirí a choimeád ar an eolas maidir leis seo chun gach spreagadh a thabhairt dóibh.

- Soláthraítear acmhainní do na hábhair go cuí. Tapaítear gach deis maidir le forbairt ghairmiúil sna teicneolaíochtaí agus liostáiltear sa phlean ábhair na seisiúin atá déanta le blianta anuas. Chomh maith le seisiúin a cuireadh ar fáil tríd Seirbhís Tacaíochta na n-Ábhar Teicneolaíochta (T⁴), baineadh tairbhe as réimse mór eile agus is ábhar molta é seo.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Leantar dea-chleachtas maidir le pleanáil agus athbhreithniú roinn an ábhair agus plean an ábhair. Tionóltar cruinnithe foirmeálta, a chuirtear ar chlár bliana na scoile, chun an phleanáil ábhair a dhéanamh. Déantar pleanáil traschuraclaim le múinteoirí na n-ábhar teicneolaíochta eile, go minic ag cruinnithe neamhfhoirmeálta i rith na bliana. Moltar an cur chuige comhoibritheach seo.
- Tá obair an-mhaith déanta ar an bpleanáil don roinn ábhair. Déanann an plean scríofa cur síos ar na cláir oibre, na modhanna teagaisc agus measúnaithe agus modhanna tuairiscithe i measc gnéithe eile. Cuirtear an phleanáil fhadtéarmach i láthair i bhfoirm táblaithe. Chun barr feabhais a bhaint amach, moltar an cur chuige táblaithe seo a fhorbairt. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar cholúin a chur sa tábla le haghaidh ábhar sonracha, torthaí foghlama atá tuartha, modhanna teagaisc, modhanna measúnaithe agus acmhainní teagaisc a úsáidfear i dteagasc an ábhair shonraigh. D'éascódh an leagan amach seo an teacht ar shonraí pleanála, chomh maith le hathbhreithniú agus leasú an phlean a éascú.
- Ba shoiléir le linn na cigireachta go ndéantar pleanáil shonrach maidir le hacmhainní agus trealamh oiriúnach a sholáthar chun teagasc na n-ábhar a fhorbairt agus a éascú. Breathnaíodh torthaí na dea-phleanála agus an ullmhúcháin aonair le linn na cigireachta. Is léir go ndéantar pleanáil den scoth ag an leibhéal seo.
- Leantar cleachtais mhaithe maidir le taifeadadh agus tuairisciú. Coimeádtar cuntais rialta ar dhul chun cinn na scoláirí, ar a dtorthaí scrúduithe agus ar a dtinreamh. Roinntear na taifid seo le tuismitheoirí sna tuairiscí scoile, ag cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí agus tríd an dialann scoláirí. Tugtar aiseolas do na scoláirí ó bhéal agus le nótaí ar an obair bhaile chomh maith leis na torthaí ar mheasúnú leanúnach agus scrúduithe téarma a sholáthraítear dóibh go foirmeálta.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis an bpríomhoide tánaisteach, múinteoir an ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Cuireann Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc agus an Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/Ros Comáin fáilte roimh an tuairisc sa gCigireacht ábhar ar staidéar foirgníochta agus teicneolaíocht (adhmad) mar dheis chun cleachtais oibre na scoile a mheas. Táimid sásta go bhfuil an tuairisc seo ar an iomlán moltach i dtaobh modhanna oibre san ábhar thuasluaite. Gabháimid buíochas leis an gcigire as ucht an dea-chomhairle agus dá réir an tacaíocht a thug sé dúinn le linn cuairt na cigireachta. Tá an Ghairmscoil fíorbhrodúil as ucht an dea-atmaisféar atá idir scoláirí agus foireann teagaisc na scoile a chabhraíonn linn oideachais de ard-chaighdeán a chur ar fail dár scoil phobal.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

Déanfar plé ar na moltaí sa tuairisc seo ag Cruinniú de foireann teagaisc na scoile ag tús mí na Nollag 2013. Iarrfar ar na múinteoirí na moltaí sa tuairisc úd a bheith curtha I bhfeidhm ina cuid pléananna ábhar roimh tús mí Feabhra 2014.

Cuirfear tuairisc ina thaobh seo ar fail Bord Bainistíochta ag an gcruinniú i mí Bealtaine 2014.